


# Réabhlóid Mheiriceá

## Réabhlóid roimh an bhfichiú haois

**Príomhthoradh Foghlama:**
3.3 scrúdú a dhéanamh ar an gcúis, an cúrsa agus iarmhairtí réabhlóid amháin roimh an bhfichiú haois san Eoraip agus/nó sa domhan mór

**Torthaí Foghlama Ábhartha Eile:** 1.1, 1.4, 1.5, 1.6, 1.9, 1.11, 2.3, 2.11, 2.13, 3.2


### Réamhcheacht

1. Smaoinigh ar an méid a d'fhoghlaim tú i gcaibidil 7 in 'Aistear Ama', agus ainmnigh na tíortha Eorpacha a bhunaigh coilíneachtaí i Meiriceá.
2. Smaoinigh ar an méid a d'fhoghlaim tú i gcaibidil 7 in 'Aistear Ama', agus ainmnigh na táirgí a d'fhásadh ar na *haciendas* a bunaíodh i Meiriceá.
3. Smaoinigh ar an méid a d'fhoghlaim tú i gcaibidlí 7 agus 9 in 'Aistear Ama', céard is cuimhin leat faoin Ridire Walter Raleigh?
4. Céard í an difríocht idir an dá théarma seo: Meiriceá agus Stáit Aontaithe Mheiriceá? (Nod: smaoinigh faoi aois an téarma agus faoin tíreolaíocht)
5. Cruthaigh meabhairmhapa den eolas atá agat ar Réabhlóid Mheiriceá. Is féidir leat daoine agus áiteanna tábhachtacha a chur ann chomh maith le haon eolas ábhartha eile.

## Cúlra: Meiriceá san 18ú hAois

I gcaibidil 7 in 'Aistear Ama', d'fhoghlaim tú faoin tslí a ndearna an Phortaingéil agus an Spáinn concas agus coilíniú ar Mheiriceá Theas, ag bunú coilíneachtaí sa 'Domhan Nua.' Spreag siad tíortha eile Eorpacha chun coilíneachtaí a bhunú freisin, ina measc bhí an Fhrainc agus an Bhreatain. Bhunaigh an Bhreatain 13 choilíneacht ar chósta oirthear Mheiriceá Thuaidh. Fir ghnó, m.sh. an Ridire Walter Raleigh, a bhunaigh coilíneachtaí, agus bhunaigh daoine eile, a bhí ag éalú ó ghéarleanúint reiligiúnach mar gheall ar an Reifirméisean, cuid eile de na coilíneachtaí.

Féach ar an léarscáil ar dheis de na 13 choilíneacht in oirthear Mheiriceá. Féach ar na logainmneacha ar an leárscáil. Thug an Ridire Walter Raleigh an logainm Virginia ar choilíneacht amháin. Tugadh an leasainm an 'Virgin Queen' ar an mbanríon Éilís I agus theastaigh uaidh an bhanríon a cheiliúradh sa choilíneacht nua. Fiosraigh bunús logainmneacha na gcoilíneachtaí eile!



# Cúiseanna leis an Réabhlóid

## Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| smaoineamh | ceart | rí | coilíneacht | cáin/cánacha | íoc |
| smaointeoir(í) | Dia | masla | coilínigh | cló | íocfar |
| absalóideachas | ceart diaga | maslaigh | Dúchasach Meiriceánach/ Dúchasaigh Mheiriceánacha | clóite | géarleanúint |
| cuan | cóisir | ionadaíocht | | táirge/táirgí | |

Bhí a lán cúiseanna le Réabhlóid Mheiriceá. Is féidir linn na cúiseanna sin a roinnt idir cúiseanna fadtéarmacha agus cúiseanna gearrthéarmacha.

## Cúiseanna Fadtéarmacha

**Ré na hEagnaíochta:** Ag an am, d'fhás gluaiseacht smaointeoirí, a leag béim ar an eolaíocht agus ar réasúnaíocht. Thosaigh na daoine seo ag ceistiú seantuairimí, m.sh. an ceart diaga (chreid daoine go raibh an ceart faighte ó Dhia ag rí a bheith ag rialú) agus an absalóideachas (bhí cumhacht iomlán ag rí).

**Trádáil:** Chuir an Bhreatain Achtanna Loingseoireachta i bhfeidhm chun srianta a chur ar thrádáil. Níor ceadaíodh ach do longa Briotanacha amháin, táirgí a iompórtáil chuig an mBreatain. Bhí cead ag na coilínigh a gcuid táirgí, m.sh. tabac, cadás agus siúcra, a easpórtáil chuig aon tír amháin, an Bhreatain, ach ní chuig tír ar bith eile. Ba iarracht é seo ar dheireadh a chur leis an trádáil a bhí ar siúl ag na coilínigh le tíortha Eorpacha eile. Tharla a lán smuglála dá bharr, áfach.

**Cogadh na Seacht mBliana (1756-1763):** Bhunaigh an Fhrainc coilíneachtaí i gCeanada agus Meiriceá. Ba chogadh é Cogadh na Seacht mBliana a tharla idir na Francaigh agus na Briotanaigh ar son thalamh Mheiriceá. Le cabhair ó na coilínigh, bhuaigh na Briotanaigh. Dúirt na Briotanaigh go raibh siad ag cosaint na gcoilíneach agus go mbeadh ar na coilínigh íoc as an gcosaint sin. Ghearr an Bhreatain cáin ar na coilínigh chun íoc as an gcosaint sin. Cuireadh An tAcht Stampa i bhfeidhm in 1765 – leag sé sin cáin ar pháipéar clóite. Chuir an cháin sin an-fhearg ar na coilínigh. D'fhorbair na coilínigh a gcuid scileanna míleata i rith an chogaidh freisin.


**Cánacha:** Thug an Bhreatain cánacha nua éagsúla isteach do na coilínigh, rud eile a spreag a míshástacht. Ina measc bhí:
(i) an tAcht Siúcra 1764, a leag cáin ar tháirgí, m.sh. siúcra, fíon agus caife agus
(ii) Acht Townshend 1767 – leag sé seo cáin ar aon táirge a iompórtáladh i gcoilíneachtaí Mheiriceá, m.sh. tae. Thosaigh na coilínigh ag léirsiú agus ag rá 'Gan ionadaíocht ní íocfar cáin!' (No taxation without representation!)

### Foclóir

**Ré na hEagnaíochta:** *the Age of Enlightenment*
**ceart diaga ríthe/an ceart diaga:** *the divine right of kings*
**absalóideachas:** *absolutism*
**Acht Loingseoireachta:** *Navigation Act*
**sléacht:** *massacre*
**lámhaigh siad é (aimsir chaite, lámhaigh), scaoil siad le gunna é:** *they shot him*
**Na hAchtanna Dofhulaingthe:** *The Intolerable Acts*
**thimpeallaigh siad iad, dá maslú:** *rinne siad ciorcal thart orthu, agus mhaslaigh siad iad*

## Cúiseanna Gearrthéarmacha

**An Sléacht i mBostún:** Bhí na coilínigh feargach mar gheall ar na cánacha. Nuair a shiúil na Cótaí Dearga (saighdiúirí na Breataine) trí chathair Bhostúin, thosaigh slua daoine á dtimpeallú agus á maslú. Thosaigh an slua ag caitheamh rudaí leis na saighdiúirí chomh maith. Lámhaigh na Cótaí Dearga cúigear. Mhéadaigh sé sin an fhearg a bhí ar na coilínigh.



**Cóisir Tae Bhostúin:** Ghléas coilínigh mar Dhúchasaigh Mheiriceánacha agus chuaigh siad ar bord longa Briotanacha. Bhí tae ar bord agus chaith siad isteach i gcuan Bhostúin é. Chaill an Bhreatain a lán airgid dá bharr. Ba iad na Sons of Liberty a d'eagraigh Cóisir Tae Bhostúin.

**Achtanna Dofhulaingthe:** Mar phionós as Cóisir Tae Bhostúin, dúnadh cuan Bhostúin. Ní raibh na coilínigh in ann aon trádáil a dhéanamh. Chomh maith leis sin, bhí ar gach gnó sa chathair dúnadh go dtí gur íocadh an t-airgead a chaill an Bhreatain ar Chóisir Tae Bhostúin.



### Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| dílis | ilchríoch | ionadaíocht | urchar/urchair | taithí |
| Dílseoir/Dílseoirí | ilchríochach | foláireamh | oiliúint | cabhlach |
| gairmiúil | comhdháil | ionadaí/ionadaithe | Forógra na Saoirse | |

**An Chéad Chomhdháil Ilchríochach:** In 1774, bhuail ionadaithe ó na coilíneachtaí le chéile in Philadelphia chun na deacrachtaí leis an mBreatain a phlé. Bheartaigh siad go mbeadh an dara comhdháil ilchríochach acu an bhliain dár gcionn. Thosaigh cuid de na hionadaithe ag ullmhú le haghaidh cogaidh.

## Réabhlóid Mheiriceá: Cúrsa na Réabhlóide (1775-1783)

**Cathanna Lexington agus Concord, 19ú Aibreán, 1775:** Is bailte iad Lexington agus Concord, in Massachusetts. Is ann a scaoileadh na chéad urchair i Réabhlóid Mheiriceá. Chuala an Ginearáil Briotanach, Thomas Gage, go raibh uirlisí cogaidh á stóráil ag na coilínigh. Chuir Gage na Cótaí Dearga go Lexington agus go Concord chun na huirlisí cogaidh a bhaint ó na coilínigh. Chuala coilíneach darbh ainm Paul Revere go raibh 800 de na Cótaí Dearga ag dul go Lexington agus go Concord. Thaistil sé, mar aon le coilínigh eile, i rith na hoíche, chun rabhadh a thabhairt do mhuintir na mbailte. Bhí na coilínigh réidh nuair a tháinig na Cótaí Dearga chomh fada lena mbailte. Mharaigh na coilínigh 300 Cóta Dearg agus bhuaigh siad. Is mar sin a cuireadh tús le Réabhlóid Mheiriceá. Ina dhiaidh sin, ceapadh an Ginearál William Howe ina cheannaire ar na Cótaí Dearga i Meiriceá.

**An Dara Comhdháil Ilchríochach 1775:** Pléadh cathanna Lexington agus Concord agus an leabhar 'Common Sense' le Thomas Paine ag an Dara Comhdháil Ilchríochach a thosaigh in 1775. Sasanach ab ea Paine, a thaistil go Meiriceá ar thóir saol nua. Scríobh sé 'Common Sense', inar mhol sé do na coilínigh neamhspleáchas a lorg. Léigh na hionadaithe a bhí i láthair ag an gcomhdháil 'Common Sense' agus spreagadh iad chun neamhspleáchas a lorg.

Dúirt Thomas Jefferson, príomhúdar Fhorógra na Saoirse, go raibh na 13 choilíneacht ag iarraidh saoirse ón mBreatain. Bhunaigh siad arm agus roghnaigh na hionadaithe George Washington mar cheannaire ar an arm sin. Thug siad 'an tArm Ilchríochach' ar an arm. Síníodh Forógra na Saoirse ar an 4 Iúil 1776.



George Washington




Pictiúr d'Fhorógra na Saoirse, is féidir síniú na n-ionadaithe a fheiceáil ag an mbun. Tá ceisteanna ar Fhorógra na Saoirse ag deireadh na caibidle seo.

**An Dá Arm**

| | Arm na Breataine (Na Cótaí Dearga) | An tArm Ilchríochach |
|---|---|---|
| **Na saighdiúirí** | Ba shaighdiúirí gairmiúla oillte iad, a raibh taithí mhíleata acu. | B'arm nua é an tArm Ilchríochach, ba ghá é a bhunú agus a eagrú. Ní raibh mórán taithí mhíleata ag na saighdiúirí a throid ann. Bhí an tArm déanta suas d'fhir a bhí ar fáil go páirtaimseartha. Feirmeoirí ab ea an-chuid acu, ar ghá dóibh filleadh chun oibriú ar fheirmeacha. |
| **An cabhlach** | Bhí cabhlach mór cumhachtach ag an mBreatain. Bheidís ábalta a thuilleadh saighdiúirí a fháil dá mba ghá. | Ní raibh aon chabhlach acu, b'éigean dóibh ceann a bhunú. |
| **Riail** | B'fhearr le 500,000 dílseoir sna coilíneachtaí fanacht faoi smacht na Breataine. | Ní raibh na coilínigh aontaithe. |
| **Suíomh** | Bhí Arm na Breataine i bhfad ó bhaile. Bhí orthu feitheamh ar feadh i bhfad ar phleananna, ar shaighdiúirí agus ar uirlisí nua cogaidh. | Bhí eolas tíreolaíochta an cheantair ag an Arm Ilchríochach. |
| **Láidreacht** | Bhí an t-arm ceithre oiread níos mó ná an tArm Ilchríochach. | Fuair siad armlón, trúpaí, longa agus airgead ó thíortha Eorpacha, m.sh. an Fhrainc. |
| **Spreagadh** | Bhí na saighdiúirí ag troid ar son an rí agus na himpireachta. | Ba ar son a neamhspleáchais féin a bhí an tArm Ilchríochach ag troid, agus ba spreagadh ollmhór é sin. |





**Daoine gléasta mar shaighdiúirí i Réabhlóid Mheiriceá.**

## Ceist

Déan liosta de na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhí ag an dá arm sa chogadh seo.

**Cath Bunker Hill, Meitheamh 1775:** Ba é seo an chéad chath ina raibh Washington ina cheannaire ar an Arm Ilchríochach. Bhuaigh na Briotanaigh ach d'éirigh leis an Arm Ilchríochach go leor saighdiúirí Briotanacha a mharú.

**An bhliain 1776:** Bhuaigh arm Washington Cath Bhostúin agus chaill sé i Nua Eabhrac i gcath Long Island. Bhí bua ag an Arm Ilchríochach ag Trenton i mí na Nollag 1776, rud a thug misneach don arm tar éis na cailliúna ag Nua Eabhrac.

**An bhliain 1777:** Ba bhliain thábhachtach í 1777, mar gur athraigh treo an chogaidh i bhfabhar Washington. Thimpeallaigh an tArm Ilchríochach na Cótaí Dearga agus bhuaigh siad orthu ag Cath Saratoga. Mar gheall air sin, bheartaigh tíortha Eorpacha cabhrú leis an Arm Ilchríochach i gcoinne na Breataine. Chuir an Fhrainc, an Spáinn agus an Ísiltír airgead, longa agus saighdiúirí ar fáil. Go luath tar éis bhua Saratoga, ghabh na Briotanaigh smacht ar Philadelphia, baile na Comhdhála Ilchríochaí.



**Botháin clúdaithe le sneachta in Valley Forge.**

Chaith arm Washington geimhreadh na bliana sin ag Valley Forge, áit atá suite thart ar 29km siar ó thuaidh ó Philidelphia. B'eigean dóibh campa a thógáil do 12,000 saighdiúir, agus 400 bean agus páiste. De réir a chéile, tógadh an ceathrú cathair ba mhó sna coilíneachtaí ag an am. Fuair an tArm Ilchríochach oiliúint mhíleata ó ghinearáil Eorpacha, an Marquis de Lafayette agus Baron von Steuben. Mhair na saighdiúirí agus a dteaghlaigh ann ar feadh 6 mhí i mbotháin adhmaid. Ní raibh go leor bia ná éadaí ann do na daoine ar fad in Valley Forge áfach, agus bhí an geimhreadh an-fhuar. Fuair beagnach 2,000 saighdiúir bás de ghalair, m.sh. an bolgach agus tífeas.



**'The March to Valley Forge', péintéireacht le William B. T. Trego, 1883.**

**Na blianta 1778-1782:** Is mó cath a troideadh i rith na réabhlóide. D'éirigh leis an dá thaobh cathanna áirithe a bhuachan. D'úsáid na Meiriceánaigh treallchogaíocht. Ba é a bhí i gceist

leis sin ná go ndearna siad ionsaí tobann ar an namhaid agus ansin d'éalaigh siad. Chabhraigh an t-eolas tíreolaíoch leo é sin a dhéanamh go héifeachtach.

**Críoch na Réabhlóide:** Tháinig deireadh leis an réabhlóid in Yorktown, Virginia. D'éirigh leis an Arm Ilchríochach Arm na Breataine, faoi cheannas an ghinearáil Charles Cornwallis, a thimpeallú ar an talamh. Thimpeallaigh na Francaigh ar an bhfarraige iad. B'éigean do Cornwallis géilleadh. In 1783, síníodh Conradh Pháras, inar aithin rialtas na Breataine neamhspleáchas na gcoilíneachtaí.

**Foclóir**

**thug sé misneach don arm:** *it gave the army courage*
**an bholgach:** *smallpox*
**tífeas:** *typhoid*
**treallchogaíocht:** *guerilla warfare*
**laindéar/laindéir:** *lantern(s)*
**díshealbhaíodh iad (aimsir chaite, briathar saor, díshealbhaigh), caitheadh as a gcuid tailte iad:** *they were evicted*
**an tSionainn:** *the Shannon*

**An bhfuil a fhios agat?**

**Tugtar an leasainm 'Athair Chabhlach Mheiriceá' ar chúpla duine. Duine acu ab ea John Barry. Ba as Contae Loch Garman dó. Ba thionóntaí Caitliceacha iad teaghlach Barry, agus díshealbhaíodh iad agus é óg. Shroich Barry Meiriceá agus é 15 bliana d'aois. Bhí sé i gceannas ar 4 long chogaidh de chuid chablach nuabhunaithe Mheiriceá.**

**Duine eile ar ar tugadh 'Athair Chabhlach Mheiriceá' ab ea John Paul Jones. Ba as Albain dó. Chaith sé a lán ama ag ionsaí longa Briotanacha gar d'Éirinn. Uair amháin, sheol sé síos an tSionainn idir Co. an Chláir agus Co. Chiarraí agus é ag iarraidh éalú ó longa Briotanacha. D'éirigh leis cleas a imirt ar na longa Briotanacha trí laindéir a chrochadh ar chrann, i gcruth loinge, agus ansin sheol sé síos an tSionainn arís sa dorchadas.**

## Torthaí na Réabhlóide

**Bunú Stát Aontaithe Mheiriceá:** Shín an tír nuabhunaithe ó na 13 choilíneacht, nó stát, mar a tugadh orthu i ndiaidh na Réabhlóide, chomh fada le habhainn an Mississippi. D'fhás coimhlintí leis na Dúchasaigh Mheiriceánacha nuair a tógadh a dtalamh uathu chun na stáit nua a chruthú. Le himeacht ama, mhéadaigh líon na stát go 50 stát aontaithe. Caitheadh go dona leis na Dúchasaigh Mheiriceánacha agus ba bheag nár scriosadh a gcultúr go hiomlán.

**Bunreacht:** Cruthaíodh bunreacht (doiciméad a thugann cur síos ar dhlíthe na tíre) Stát Aontaithe Mheiriceá. De réir an bhunreachta, bheadh an phríomhchathair, Washington, ag roinnt cumhachta leis na stáit. Ba é George Washington an chéad uachtarán. Tugadh an leasainm 'Athair na Stát Aontaithe' air.

**Cearta an Duine:** Dúradh i bhForógra na Saoirse gur cruthaíodh 'gach fear comhionann' ach ní raibh cearta comhionanna ag daoine gorma, sclábhaithe, Dúchasaigh Mheiriceánacha (cé gur throid na grúpaí seo san Arm Ilchríochach freisin) ná ag mná sa tír nuabhunaithe. Spreag na focail sin i bhForógra na Saoirse na grúpaí sin chun cearta comhionanna a lorg.

**Réabhlóidí eile:** Spreag Stáit Aontaithe Mheiriceá tíortha eile chun saoirse a lorg ó impireachtaí móra agus chun deireadh a chur leis an gceart diaga. Spreag bua na Meiriceánach muintir na Fraince. D'fhill saighdiúirí Francacha abhaile ón réabhlóid le smaointe nua faoi rialú tíortha. Bhí Réabhlóid Mheiriceá an-chostasach don Fhrainc. Bheartaigh an rí, Louis XVI, go méadófaí cánacha chun íoc as. D'fhás Réabhlóid na Fraince as sin sa bhliain 1789. An mana a bhí ag réabhlóidithe na Fraince ná 'Liberté, Egalité, Fraternité' (Saoirse, Comhionannas agus Bráithreachas.)

Spreag Réabhlóid Mheiriceá agus Réabhlóid na Fraince grúpaí in Éirinn freisin. Theastaigh ó na hÉireannaigh Aontaithe muintir na hÉireann a aontú, trí chearta comhionanna a bheith ag gach creideamh, agus trí shaoirse a fháil ó Impireacht na Breataine. Bhí na focail 'Equality it is newly strung and shall be heard' scríofa ar an suaitheantas a bhí ag na hÉireannaigh Aontaithe. D'eagraigh siad éirí amach in Éirinn in 1798.

**Foclóir**

- **an bunreacht:** *the constitution*
- **cruthaíodh gach fear comhionnan:** *every man was made equal*
- **an mana:** *motto*
- **comhionannas:** *equality*
- **bráithreachas:** *brotherhood*
- **suaitheantas:** *crest*

## An Ghaeilge ag an am

Tar éis dheireadh Réabhlóid Mheiriceá, ar an 2 Aibreán 1784, dúirt an Tiarna Mountjoy le Parlaimint Shasana: "I am assured from the best authority, the major part of the American Army was composed of Irish and that the Irish language was as commonly spoken in the American ranks as English. I am also informed it was their valor that determined the contest."



## Bileog Oibre

### Súil Siar

**Cuid 1:** Féach ar an tábla thíos atá roinnte ina thrí chuid. Úsáid dath an teidil chun na focail a bhaineann leis an teideal sin a dhathú. Tá ceann déanta mar shampla duit.

| Cúiseanna leis an Réabhlóid | Cúrsa na Réabhlóide | Torthaí na Réabhlóide |
|---|---|---|
| Réabhlóid na Fraince | Baron von Steuben | Réabhlóidí eile |
| Marquis de Lafayette | Na hAchtanna Dofhulaingthe | Cath Saratoga |
| Lexington agus Concord | An Ceart Diaga | Cornwallis |
| Cearta an Duine | Yorktown | Bunreacht |
| Washington ina phríomhchathair | Cóisir Tae Bhostúin | An tAcht Siúcra 1764 |
| An Fhrainc, an Spáinn agus an Ísiltír | Éirí Amach 1798 | treallchogaíocht |
| Na galair bolgach agus tífeas | Conradh Pháras 1783 | An Dara Comhdháil Ilchríochach |
| Absalóideachas | Acht Loingseoireachta | Ré na hEagnaíochta |
| Forógra na Saoirse | Long Island | Bunker Hill |
| An tAcht Stampa 1765 | George Washington ina chéad uachtarán | Sons of Liberty |
| Bunú Stát Aontaithe Mheiriceá | Nollaig 1776 | Valley Forge |
| Acht Townshend 1767 | Cogadh na Seacht mBliana | 'Gan ionadaíocht ní íocfar cáin!' |
| An Chéad Chomhdháil Ichríochach | An Sléacht i mBostún | |

**Cuid 2:**

(a) Scríobh abairt faoi ról na ndaoine seo a leanas i Réabhlóid Mheiriceá: Paul Revere, Thomas Paine, Thomas Jefferson, Thomas Gage, William Howe, Marquis de Lafayette, Baron von Steuben, Charles Cornwallis.

(b) Scríobh alt faoi ról George Washington i Réabhlóid Mheiriceá.

## Bileog Oibre

### Ag obair le foinsí

1. Bunaithe ar an eolas atá sa chaibidil, scríobh cur síos ar an méid a tharla ag an Sléacht i mBostún.
2. Cén ról a bhí ag Paul Revere i Réabhlóid Mheiriceá?



**Foinse A:** Ar dheis, tá píosa ealaíne le Paul Revere, bunaithe ar an Sléacht i mBostún. Foilsíodh é cúpla seachtain tar éis an tsléachta. Féach air agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

1. An ionann an t-eolas atá againn faoin sléacht (i) ón gcaibidil thuas agus (ii) ón bpictiúr ar dheis? Mínigh do fhreagra.
2. Cad iad na mothúcháin a spreagfadh an píosa ealaíne seo i bpobal Mheiriceá ag an am, an gceapann tú?
3. Céard is brí leis an téarma 'bolscaireacht'?
4. An píosa bolscaireachta é an píosa ealaíne seo? Mínigh do fhreagra.
5. Céard iad na laigí a bhaineann le fianaise físe, mar shampla an píosa ealaíne seo?

**Foinse B:** Sleachta as Forógra na Saoirse, scríofa ag Thomas Jefferson (1776).

*The unanimous Declaration of the thirteen United States of America*

*We hold these truths to be self-evident, that all men are created equal, that they are endowed by their Creator with certain unalienable Rights, that among these are Life, Liberty and the pursuit of Happiness. – That to secure these rights, Governments are instituted among Men, deriving their just powers from the consent of the governed (...) The history of the present King of Great Britain is a history of repeated injuries and usurpations, all having in direct object the establishment of an absolute Tyranny over these States. To prove this, let facts be submitted to a candid world (...)*

11. *He [Rí na Breataine, Seoirse III] has kept among us, in times of peace, Standing Armies without the Consent of our legislatures*
13. *He has combined with others to subject us to a jurisdiction foreign to our constitution (...) giving his Assent to their Acts of pretended Legislation:*
17. *For imposing Taxes on us without our consent.*
23. *He has abdicated Government here, by declaring us out of his Protection and waging War against us.*
27. *He has endeavoured to bring on the inhabitants of our frontiers, the merciless Indian Savages, whose known rule of welfare is an undistinguished destruction of all ages, sexes and conditions.*

### Ceisteanna

1. Luaitear na cearta 'Life, liberty and the pursuit of happiness'. Mínigh na slite ar baineadh na trí cheart sin ó na coilínigh ag an am.
2. Luaitear 'That to secure these rights, Governments are instituted among Men, deriving their just powers from the consent of the governed.' Tabhair samplaí de chinntí a rinneadh sa Bhreatain gan chead na gcoilíneach. Cén mana a d'fhás as sin?
3. (a) Liostaigh na focail Bhéarla, i bpointe 27, a úsáideadh chun cur síos a thabhairt ar na hIndiaigh/Dúchasaigh Mheiriceánacha.
   (b) An focail dhearfacha, neodracha nó focail dhiúltacha iad?
   (c) Ar úsáideadh focail mar sin chun cur síos a thabhairt ar aon ghrúpa eile sa stair?
   (d) Cén fáth, meas tú, ar léiríodh na Dúchasaigh Mheiriceánacha mar sin?
4. Luaitear '...all men are created equal, that they are endowed by their Creator with certain unalienable Rights, that among these are Life, Liberty and the pursuit of Happiness.' Cad iad na grúpaí nár tugadh cothromaíocht ná saoirse dóibh ag an am i Stáit Aontaithe Mheiriceá?

**Foinse C:** Sliocht as 'Strictures Upon The Declaration of the Congress at Philadelphia' (1776) le Thomas Hutchinson, iarghobharnóir Massachusetts.

> *"The Colonies, politically considered, never were a distinct people from the kingdom (...) I could wish to ask the Delegates of Maryland, Virginia, and the Carolinas how their Constituents justify the depriving more than a hundred thousand Africans of their rights to liberty and the pursuit of happiness, and in some degree to their lives, if these rights are so absolutely unalienable."*

### Ceisteanna

1. Cén dearcadh atá ag Thomas Hutchinson ar an ráiteas i bhForógra na Saoirse '...all men are created equal, that they are endowed by their Creator with certain unalienable Rights, that among these are Life, Liberty and the pursuit of Happiness'?
2. Cé na slite a raibh a gcearta á mbaint ó 'thousands of Africans' i Meiriceá ag an am?

**Foinse D:** Cumadh a lán amhrán in Éirinn ag an am faoi Réabhlóid Mheiriceá. Féach ar an dá shampla thíos agus freagair na ceisteanna a ghabhann leo. Seo véarsa amháin as amhrán le Tomás Ó Míocháin dar teideal 'A chraobha cumainn na nGael gcumais.'

| Gaeilge an ama | Gaeilge an lae inniu |
|---|---|
| Is fonn 's is aiteas liom Howe is na Sasanaigh<br>tabhartha, treascartha choíche,<br>is an crobhaire, Washington, cabharthach<br>calma i gceann is i gceannas a ríochta;<br>sin amhais ag screadaigh gan chúil, gan chathair,<br>gan trúip ná barcaibh ar taoide,<br>faoi Shamhain go dearfa búir na Breataine<br>i bponc faoi thearmainn Laoisigh. | Is maith liom Howe agus na Sasanaigh<br>a fheiceáil tugtha, tite<br>agus an fear láidir cumasach Washington<br>cabhrach cróga i gceannas ar a ríocht;<br>Sin bligeaird ag screadaíl, gan stór bia, gan chathair<br>gan saighdiúirí, gan bhád ar farraige,<br>faoi mhí na Samhna beidh na búir Bhriotánacha<br>i dtrioblóid, faoi smacht Louis. |

### Ceisteanna

1. An foinse phríomha nó foinse thánaisteach é amhrán a cumadh ag am na réabhlóide?
2. An fianaise scríofa, fianaise físe, cluasfhianaise, fianaise ó bhéal nó fianaise thadhlach é amhrán mar sin?
3. Cérbh é Howe atá luaite sa chéad líne den véarsa seo?

4 An focail mholtacha nó focail mhaslacha a úsáidtear chun cur síos a thabhairt ar George Washington? Tabhair samplaí de na focail sin.

5 An raibh an cumadóir, Tómás Ó Míocháin, ag tacú leis na Sasanaigh nó leis an Arm Ilchríochach? Mínigh do fhreagra ag tabhairt samplaí ón véarsa.

**Foinse E:** Seo véarsa amháin as amhrán le Uilliam Ó Lionnáin dar teideal 'Sealad am aonar cois féile do bhíosa'

**Gaeilge an ama**

Do labhair 'na dhéidh sin go béasach i nGaeilge
Is d'aithris dom scéala do mhéadaigh mo chroíse,
Go rabhadar béaraigh an Bhéarla go clóite,
Gan arm, gan éadach, go traochta gan tíortha,
Táid cartaithe i gcarcair 'na ndreamaibh gan treoir,
Faoi atuirse i nglasaibh ag Washington beo,
Gan ghradam, i mairg, gan charaid ná lón,
'na ngrathain ag screadaigh le heaspa na feola
Do chleachtadh na bathlaigh do chaitheamh
gan teora.

**Gaeilge an lae inniu**

Labhair sí ina dhiaidh sin go múinte, i nGaeilge,
Agus d'inis sí scéal a chuir áthas ar mo chroí,
Go raibh béir an Bhéarla cloíte
Gan arm, gan éadach, scriosta tuirseach,
gan talamh,
Cuireadh i bpríosún iad, gan treoir
Iad faoi bhrón, ceangailte ag Washington bríomhar,
Gan gradam acu, faoi bhrón, gan chairde ná bia
Iad mar dhaoscar gan mhaith ag screadaíl
de cheal feola a d'itheadh na búir gan chuimse.

## Ceisteanna

1 Cad é an scéal a chuala Uilliam Ó Lionnáin?

2 Cén mothúchán a spreag an scéal seo in Uilliam Ó Lionnáin?

3 Liostaigh na focail a úsáideann Uilliam Ó Lionnáin chun cur síos a thabhairt ar na Cótaí Dearga.

4 Cén uair a cumadh an véarsa seo, an gceapann tú? (i) ag tús na réabhlóide (ii) aimsir chath Bunker Hill, (iii) 1776, (iv) aimsir Valley Forge, (v) tar éis Yorktown? Mínigh do fhreagra le línte ón véarsa.

5 Tá an teanga sna hamhráin seo agus i bhForógra na Saoirse cúpla céad bliain d'aois anois. Cé na deacrachtaí a bhaineann le teanga atá sean don staraí, dar leat? Mínigh do fhreagra le samplaí den teanga ó na foinsí.

**Foclóir**

béir/béar, ainmhí mór scanrúil: *bear(s)*
daoscar, slua glórach gan smacht: *rabble*
de cheal feola, gan fheoil: *from lack of meat*
búir/búr, ainmhí: *boor*
a d'itheadh na búir gan chuimse, bhí siad i dtaithí ar fheoil a ithe: *who used to eat lots of meat*

## Súil ar Scrúduithe

Seo freagraí samplacha ó scrúdpháipéar 2022, Ceist 4. Bhí 3 mharc ar (a) agus 18 marc ar (b).

Tugtar dhá fhreagra shamplacha, ó bheirt scoláirí éagsúla. Léigh na freagraí samplacha agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

(a) Ainmnigh réabhlóid a tharla roimh an bhfichiú haois san Eoraip nó sa domhan mór, a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(b) Scríobh cuntas ar chúiseanna agus/nó ar thionchar na réabhlóide a ndearna tú staidéar uirthi.

| **Freagra Samplach A** | **Freagra Samplach B** |
|---|---|
| Tháinig na Briotanaigh agus thug siad 13 stát leo in 1777. Tháinig an Ostair, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil agus an Phortaingéil fosta ar thaobh na Breataine. Thug an Ostair New Amsterdam ar Nua-Eabhrac. Cóisir Tae Bhostúin (3m) – Bhí cuid mhór tae luachmhar ar bhád na Breataine agus chuaigh na Meiriceánaigh ar an mbád agus chaith siad an tae uilig san uisce leis an mBreatain a dhéanamh bocht (3m). Saratoga 1718-19 – Valley Forge – Tháinig na Sasanaigh isteach ar 5 bhád le conradh a bheith acu. Utah, Phoenix, Ní raibh cead ag na Meiriceánaigh tobac a dhíol gan é a bheith £ punta. Ní raibh vóta parlaiminte acu ach an oiread (3m) Neville Chamberlain. | An tAcht Stampa (3m) = tar éis chogadh na seacht mbliana, bhí airgead de dhíth ar an mBreatain agus chuir siad cáin ar stampaí agus ar pháipéar. Bhí daoine an-chrosta faoi agus dúirt siad 'Gan ionadaíocht, ní íocfar cáin' sa pharlaimint. (3m)<br><br>Acht Townshend (3m) = fuair siad réidh leis an Acht Stampa agus chuir siad cáin ar ghloine, tae, páipéar agus stampaí ina áit. D'éirigh daoine iontach feargach agus thosaigh siad ag rá 'Croch an Rí!.' chuir seo droch-chuma ar an mBreatain. (3m)<br><br>Sléacht i mBostún (3m) = Shíl na Cótaí Dearga go raibh slua i mBostún ag magadh agus ag scairteadh rudaí ar na Cótaí Dearga (saighdiúirí na Breataine) agus scaoil na Cótaí Dearga ar an slua agus maraíodh 5 agus gortaíodh daoine eile. Bhí daoine ar buille agus bhí sé scríofa sa pháipéar nuachta. (3m) |
| Iomlán: 9/18 | Iomlán: 18/18 |

**Ceisteanna**

1. Cén fáth ar chaill freagra samplach A leathchuid de na marcanna, an gceapann tú? Tabhair dhá chúis ar a laghad, le do fhreagra.

2. Thuill freagra samplach B marcanna iomlána. Bhí 6 mhíniú nó 6 théarma ag teastáil, ar 3 mharc an ceann, chun 18 marc a thuilleamh. Cad iad na téarmaí a thuill 3 mharc don scoláire sa fhreagra? Cad iad na mínithe a thuill 3 mharc don scoláire sa fhreagra?